# Quiz Eolaíochta faoi Thorthaí agus Glasraí

An tseachtain seo ar Spraoi sa Bhaile leis na Food Dudes, tá quiz eolaíochta againn faoi thorthaí agus glasraí. Is féidir é a phriontáil amach nó é a dhéanamh i gcóipleabhar. Tá an quiz fóirsteanach do pháistí sa timthriall sóisearach agus sa timthriall sinsearach. Tá leideanna le fáil i bhfíseán na Food Dudes faoi na grúpaí de thorthaí agus glasraí. Lig do do pháiste féachaint air sula ndéanfaidh siad an quiz!

## Treoracha:

- ✔ Is féidir an áis seo a phriontáil amach agus í a thabhairt do do pháiste lena dhéanamh ina aonar nó ina haonar, nó is féidir í a dhéanamh le baill eile teaghlaigh.
- ✔ Mura bhfuil printéir agat, is féidir le do pháiste na freagraí a scríobh i gcóipleabhar.

## Freagraí ar an quiz:

**C1.** Úlla, piorraí, fíonchaora

**C2.** Thug na Food Dudes úlla agus fíonchaora roimhe seo.

**C3.** Cineálacha caor: Sútha talún, fraocháin ghorma, sútha craobh, sméara dubha.

**C4.** An craiceann a thugtar ar an gclúdach ar thorthaí citris.

**C5.** Bíonn torthaí citris ag fás in aeráidí teo / grianmhara / trópaiceacha / in áiteanna ina bhfuil an aimsir bogthais.

**C6.** Is clochthoradh í an aibreog.

**C7.** Is clochthorthaí iad péitseoga, neachtairíní, plumaí, silíní, mangónna.

**C8.** Is clochthoradh é an t-abhacád.

**C9.** Tá síolta i gcúcumair agus i bpiobair.

**C10.** Is 'glasraí toraidh' iad glasraí a bhfuil síolta iontu. Tugaimid 'glasraí toraidh' orthu mar i ndáiríre is torthaí iad a fhorbraíonn ó bhláth an phlanda.

**C11.** Is samplaí de ghlasraí toraidh iad an trátaí, an t-ubhthortadh agus an scuais.

**C12.** Gairleog – glasra bleibe; spionáiste – glasra duilleach; cóilis – glasra bláthach; bachlóg Bhruiséile – glasra bachlóige; meacan bán – glasra fréimhe.

**C13.** Tugaimid glasraí fréimhe orthu mar is í an fhréamh (.i. an chuid a fhásann faoin talamh) an chuid a ithimid.

**C14.** Fíor. Bíonn torthaí fréimhe ag fás in Éirinn.

**C15.** Bíonn fuinneamh ó sholas nó ón nGrian de dhíth ar phlandaí le fás.

**C16.** Fíor. Moltar idir 5 cinn agus 7 gcinn a ithe gach lá.

Ná déan dearmad!
Cuir do chuid oibre ar líne leis an haischlib
**#FoodDudesFun**



# Quiz Eolaíochta faoi Thorthaí agus Glasraí

Food dudes
Spraoi sa Bhaile

**Ainm** ____________________

**C1.** Ainmnigh dhá thoradh a bhfuil síolta iontu.

1. ____________________
2. ____________________

**C2.** An cuimhin leat cén cineál torthaí síl a thug na Food Dudes chugat roimhe seo?

Freagra: ____________________

**C3.** Liostaigh trí chaor.

| | | |
|---|---|---|
| | | |

**C4.** Bíonn clúdach tiubh ar thorthaí citris de ghnáth. Cad a thugtar ar an gclúdach seo?

Freagra: ____________________

**C5.** Cén cineál aimsire nó aeráide ina mbíonn torthaí citris ag fás de ghnáth?

Freagra: ____________________

**C6.** Cén cineál toraidh í an aibreog?


Freagra: ____________________

**C7.** Ainmnigh dhá thoradh eile atá sa ghrúpa céanna leis an aibreog.

1. ____________________
2. ____________________

**C8.** Seo clochthoradh. Cén t-ainm atá air?

Freagra: ____________________



# Quiz Eolaíochta faoi Thorthaí agus Glasraí

food dudes
Spraoi sa Bhaile

**C9:** Anuraidh, thug na Food Dudes cúcumair agus piobair chugat. Céard atá i gcoitinne ag an dá ghlasra seo?

Freagra: ______________________________

**C10:** Cén grúpa glasraí ina bhfuil siad?

Freagra: ______________________________

**C11:** Ainmnigh glasra eile atá sa ghrúpa seo.

Freagra: ______________________________

**C12:** Meaitseáil na glasraí leis na grúpaí glasraí.

| | |
|---|---|
| gairleog | glasra duilleach |
| spionáiste | glasra bleibe |
| Cauliflower | glasra baclóige |
| bachlóg Bhruiséile | glasra bláthach |
| meacan bán | glasra fréimhe |

**C13.** Cén fáth a dtugaimid 'glasraí fréimhe' ar an meacan bán, ar an gcairéad agus ar an tornapa?

Freagra: ______________________________

**C14.** Fíor nó bréagach? Bíonn torthaí fréimhe ag fás in Éirinn.

☐ Fíor

☐ Bréagach

**C15.** Tá rud ar leith de dhíth ar phlandaí le fás, ach níl sé ar fáil mórán in Éirinn. Mar gheall air sin, tá sé deacair cuid mhór barraí áirithe a fhás sa tír seo. Ainmnigh an rud nach bhfuil mórán de ar fáil anseo.

Freagra: ______________________________

**C16.** Fíor nó bréagach? Molann na Food Dudes duit meascán de thorthaí agus glasraí a ithe gach lá, idir 5 cinn agus 7 gcinn.

☐ True

☐ False

